Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**16100/23**

**FISC 275**
**ECOFIN 1294**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15502/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Tuarascáil Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach<br>- Formheas |

1. Iarradh ar Chomhairle Ecofin tuarascáil a thabhairt don Chomhairle Eorpach maidir le saincheisteanna éagsúla cánach mar a luadh, go háirithe sna conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta agus ó mhí an Mheithimh 2012, mí na Bealtaine 2013, mí na Nollag 2014 agus Deireadh Fómhair 2017.

2. D'ullmhaigh agus d'fhormhuinigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) dréacht-tuarascáil ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach an 23 Samhain 2023 lena cur faoi bhráid na Comhairle an 8 Nollaig 2023. Comhaontaíodh freisin go ndéanfadh an Ardrúnaíocht na gnáth nuashonruithe fíorasacha (codanna idir lúibíní cearnacha) tar éis chruinniú na Comhairle sula n-eiseofaí an leagan deiridh den tuarascáil.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle (Ecofin) an tuarascáil mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é a fhormheas mar mhír 'A' d'fhonn í a tharchur chuig an gComhairle Eorpach (an 14- 15 Nollaig 2023).

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHT-TUARASCÁIL ó ECOFIN CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA CÁNACH

## A. RÉAMHRÁ

1. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle le linn thréimhse Uachtaránacht na Spáinne, chomh maith le forléargas ar an staid mar atá i ndáil leis na sainchomhaid is tábhachtaí atá faoi chaibidil i réimse an chánachais. Ullmhaíodh í ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) lena gcumhdaítear saincheisteanna beartais chothrománacha cánach atá ábhartha ar bhonn straitéiseach, i gcomhréir lena sainordú.

2. Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hobair ábhartha na Comhairle agus cumhdaítear inti na saincheisteanna a luaitear i gconclúidí éagsúla ón gComhairle Eorpach ó 2012 i leith[1], an ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021[2], Conclúidí 2012[3] agus 2016[4] ón gComhairle i réimse CBL, na Conclúidí 2017 ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachais ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh'[5], na Conclúidí 2020 ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach[6], mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2020 maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin[7].

3. Leag Uachtaránacht na Spáinne amach, mar thosaíochtaí i réimse an bheartais cánach, an dul chun cinn atá déanta ar an gcreat cánachais idirnáisiúnta nua agus an comhrac i gcoinne pleanáil ionsaitheach cánach trí bhearta frithchalaoise agus frithsheachanta a neartú agus, go háirithe:

   - dul i ngleic le heintitis gan substaint nó ar beag a substaint, atá bunaithe i mBallstáit, agus a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu buntáiste cánach a fháil trí bhonn cánach na mBallstát eile a chreimeadh;

[1] EUCO 4/3/12 REV 3 (pointí 9 agus 21), EUCO 76/12, EUCO 75/1/13 REV 1, EUCO 14/17 (pointe 11), EUCO 10/20 (pointí A29 agus 147) agus EUCO 13/20.
[2] 18/21.
[3] 9586/12.
[4] 9494/16.
[5] 15175/17.
[6] 8482/20.
[7] 13350/20.

- leas a bhaint as an aistriú digiteach chun calaois CBL a chosc agus chun tacú le gnólachtaí an Aontais;
- nós imeachta níos éifeachtúla a fhorbairt chun cánachas siarchoinneálach a bhainistiú; agus
- comhar a neartú i measc na n-údarás cánach sna Ballstáit agus dea-rialachas cánach a chur chun cinn.

4. Léirigh Uachtaránacht na Spáinne an tosaíocht mhór a tugadh do réimse an chánachais nuair a eagraíodh 24 chruinniú lae iomláin agus ceithre chruinniú leathlae den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (WPTQ), dhá chruinniú lae iomláin agus cruinniú leathlae amháin den Mheitheal um an gCód Iompair agus dhá chruinniú leathlae na gComhairleoirí /Ataiséanna Fioscacha. Leanadh leis an obair ar na comhaid uile a bhí ar feitheamh, lena n-áirítear an leasú ar an Treoir maidir le comhar riaracháin chun críoch cánach, na tograí a chuimsíonn an pacáiste 'CBL san Aois Dhigiteach', an togra maidir le faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó chánacha siarchoinneála iomarcacha (FASTER), an togra chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach (UNSHELL) a chosc, tograí le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas cánach ceannoifige do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (HOT), Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe agus Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT), an nuashonrú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, chomh maith leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

5. Go sonrach, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

   a) an dul chun cinn atá déanta sa chaibidlíocht maidir leis an Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair atá á dhéanamh ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn Cánach agus Aistriú Brabúis (BEPS) a mheas agus formheas ar ráiteas maidir leis an ábhar sin;

   b) ghlac sí seasamh thar ceann an Aontais agus a Bhallstát maidir leis an gcomhar cánach ag na Náisiúin Aontaithe i ndáil le conclúidí na tuarascála ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe a foilsíodh an 8 Lúnasa 2023;

   c) ghlac sí an Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (DAC8);

   d) rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo comhaontú i ndáil leis an Treoir ón gComhairle maidir le faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó chánacha siarchoinneála iomarcacha;

e) thug sí aird ar an tuarascáil ón Uachtaránacht ar dhul chun cinn i ndáil leis an bpacáiste maidir le CBL sa Ré Dhigiteach;

f) chuir sí chun cinn an chaibidlíocht maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid cuideachtaí caocha chun críoch cánach a chosc trí anailís a dhéanamh ar roinnt cineálacha cur chuige nua d'fhonn na tuairimí éagsúla maidir le codanna tábhachtacha den togra a thabhairt le chéile;

g) rinne sí dul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú); agus

h) chuir sí tús leis an scrúdú ar na tograí le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear Córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe agus Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT).

6. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) freisin dá cuid oibre maidir leis na hábhair éagsúla a thagann faoina sainordú reatha, lena n-áirítear maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, mar a leagtar amach sa tuarascáil sé mhí uaithi[8]. Thug an Chomhairle liosta an Aontais cothrom le dáta an uair dheireanach an 17 Deireadh Fómhair 2023[9].

7. Tá eolas níos mionsonraithe faoi chomhaid aonair ar fáil thíos.

[8] 15757/23 + ADD 1-12.
[9] IO C, 23.10.2023, C/2023/437.

## B. REACHTAÍOCHT CHÁNACH AN AONTAIS

### 1) Cánachas Díreach

*a) NÍOS TAPÚLA*

8. An 19 Meitheamh 2023, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapa agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha ('FASTER')[10]. Is é is aidhm don togra sin nósanna imeachta níos éifeachtúla (agus níos comhchuibhithe) a thabhairt isteach ar fud an Aontais maidir le cásanna faoisimh trasteorann ó chánacha siarchoinneála a thoibhíonn Ballstáit ar ioncam ó urrúis arna dtrádáil go poiblí a shealbhú (díbhinní ar chothromas agus ús ar bhannaí). Trí chlár éigeantach agus oibleagáidí tuairiscithe caighdeánaithe de chuid idirghabhálaithe móra airgeadais, agus trí nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le faoiseamh cánach agus deimhniú digiteach de chuid an Aontais um chónaí cánach do cháiníocóirí (infheisteoirí) lena mbaineann, tá dhá chuspóir á saothrú: tacú le dea-fheidhmiú Aontas na Margaí Caipitil trí infheistíocht trasteorann a éascú, agus cánachas cothrom a áirithiú trí chalaois chánach agus mí-úsáid chánach a chosc sa réimse sin.

9. Thug Uachtaránacht na Spáinne ardtosaíochta don togra reachtach sin agus rinne sí dul chun cinn maith teicniúil ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach (tionóladh sé chruinniú de chuid na Meithle um Cheisteanna Cánach agus pléadh ceithre théacs comhréitigh).

10. Léirigh anailís theicniúil ar an togra reachtach sin agus ar an bplé leis na Ballstáit gur ghá an téacs tosaigh a mhol an Coimisiún a choigeartú, sula bhféadfaí é a chur faoi bhráid na Comhairle chun teacht ar chomhaontú ina leith. Dá bhrí sin, rinne Uachtaránacht na Spáinne roinnt leasuithe ar an téacs, go háirithe:

- na rialacha is infheidhme maidir le heisiúint an deimhnithe dhigitigh um chónaí cánach a oiriúnú;
- forálacha a chur san áireamh lena gceadófaí d'idirghabhálaithe airgeadais deimhnithe seasamh idirghabhálaithe neamhdheimhnithe a ghlacadh, chun cur i bhfeidhm an fhaoisimh a éascú agus chun an fhaisnéis nach mór a thuairisciú do na riaracháin chánach a chomhlánú;
- raon feidhme na faisnéise atá le tuairisciú ag idirghabhálaithe airgeadais deimhnithe a neartú agus líon forálacha gaolmhara eile a shonrú;
- na coinníollacha faoinar féidir leis na Ballstáit diúltú do na hiarrataí ar aisíocaíocht thapa, chun na féidearthachtaí ó thaobh éilimh chalaoiseacha a laghdú;

[10] 10820/23 + ADD 1-5.

- cuireadh isteach forálacha speisialta lena rialaítear na cásanna a bhaineann le hinfheistíochtaí indíreacha; agus
- rinne sí sonrú breise ar na forálacha maidir le hús ar íocaíochtaí déanacha, dliteanas, cosaint sonraí pearsanta agus meastóireacht ar an Treoir a bheidh ann amach anseo.

11. Ceann de na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an gcaibidlíocht sin is ea iarraidh ó roinnt Ballstát go gcoinneofaí an fhéidearthacht a gcórais faoisimh reatha ag an bhfoinse maidir le cáin siarchoinneála a choinneáil. D'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ábhar sin, mhol an Uachtaránacht go ndéanfaí foráil don fhéidearthacht sin de réir coinníollacha sonracha. Ábhar eile a d'ardaigh toscaireacht amháin ab ea gur cheart gur ar bhonn deonach a bhunódh na Ballstáit clár na n-idirghabhálaithe airgeadais agus na hoibleagáidí tuairiscithe.

12. Bhí plé ginearálta ann maidir leis an gcomhad seo ag an gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 23 Samhain. Ba léir go raibh dul chun cinn suntasach déanta agus, go háirithe, tacaíodh tríd is tríd leis an bhforáil maidir leis an deimhniú leictreonach um chónaí cánach. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh obair theicniúil sular féidir an comhad a chur faoi bhráid na Comhairle chun cur chuige ginearálta a fhormheas.

*b) <u>Mí-úsáid eintiteas caoch</u>*

13. An 22 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch)[11].

14. Is é cuspóir an togra seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc trí ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Is é is aidhm don togra dul i ngleic le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach míchuí agus a áirithiú nach bhféadfaidh cuideachtaí caocha san Aontas nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch acu nó a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch íosta acu tairbhe a bhaint as buntáistí cánach.

15. An 6 Eanáir 2022, sa Mheitheal Ardleibhéil, cuireadh an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí agus d'fhógair Uachtaránacht na Fraince go raibh sé ar intinn aici tús a chur leis an bplé sa Chomhairle maidir leis an gcomhad sin. Tugadh an chéad bhabhta den scrúdú ar an togra, airteagal ar airteagal, chun críche an 23 Bealtaine le linn Uachtaránacht na Fraince.

**11** 15296/21.

16. Le linn Uachtaránacht na Seice, rinneadh dul chun cinn maidir leis an mbealach chun cinn a fhiosrú i ndáil le hiarmhairtí cánach agus tíolacadh téacsanna comhréitigh maidir le codanna den togra, mar shampla, ó thaobh eintitis nach bhfuil substaint íosta acu a shainaithint chomh maith le faisnéis a mhalartú. I bprionsabal, thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí an togra, ach bhí siad den tuairim go mbeadh gá le tuilleadh obair theicniúil thábhachtach sula bhféadfaí teacht ar chomhaontú.

17. Le linn Uachtaránacht na Sualainne, rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt saincheisteanna conspóideacha, mar shampla, raon feidhme, critéir na substainte íosta, iarmhairtí cánach agus deimhniú um chónaí cánach. Chuir an Mheitheal Ardleibhéil treoir ar fáil maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh ar na saincheisteanna sin agus ar shaincheisteanna eile atá fós gan réiteach. Leag na toscaireachtaí béim ar na hidirnaisc idir codanna éagsúla den Treoir chasta seo, rud a chiallaíonn go bhféadfadh béim a roghnaítear i gcuid amháin den Treoir tionchar a imirt ar an réiteach i gcodanna eile.

18. Lean Uachtaránacht na Spáinne den obair ar an gcomhad sin, a pléadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 4 Iúil agus an 5 Meán Fómhair agus sa Mheitheal Ardleibhéil an 4 Deireadh Fómhair agus an 23 Samhain. Sa Mheitheal i mí Iúil pléadh na saincheisteanna seo a leanas: iarmhairtí cánach, naisc le reachtaíocht in aghaidh foréigean baile, eintitis eisiata, substaint íosta, frisnéis na toimhde agus laghdú an ualaigh riaracháin, an deimhniú um chónaí cánach agus malartú faisnéise. Bunaithe ar na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl agus ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na nUachtaránachtaí roimhe seo, thíolaic an Uachtaránacht téacs comhréitigh i mí Mheán Fómhair lena gcumhdaíodh an dréacht-Treoir ina hiomláine. Maidir leis an téacs sin, chuir na toscaireachtaí tuairimí éagsúla in iúl lenar cuireadh cosc orthu teacht ar chomhaontú agus, mar rogha mhalartach air sin, mhol siad cur chuige dhá chéim. Ba é a bhí sa chur chuige sin an chéad chéim ina n-áireofaí sa Treoir uathmhalartú faisnéise bunaithe ar roinnt sainmharcanna comhaontaithe, uathmhalartú faisnéise a dhéanfaí in éineacht le cur i bhfeidhm iarmhairtí cánach intíre, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin. Sa dara céim, dhéanfaí dea-chleachtais a mhalartú maidir le húsáid na faisnéise sin chun iarmhairtí cánach a chur i bhfeidhm i measc na mBallstát. Ina theannta sin, moladh, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais den sórt sin, go bhféadfar togra nua a sheoladh amach anseo, más iomchuí.

19. I mí Dheireadh Fómhair, d'iarr an Uachtaránacht sa Mheitheal Ardleibhéil ar mhaith leis na toscaireachtaí leanúint den obair ar an téacs comhréitigh nó breathnú ar an gcur chuige dhá chéim. Cé gur tacaíodh go pointe le prionsabal an chuir chuige dhá chéim, mheas roinnt toscaireachtaí nach réiteofaí na príomh-shaincheisteanna a bhí ar feitheamh leis an gcur chuige sin, agus mheas roinnt toscaireachtaí go bhféadfadh sé go mbeadh tuilleadh anailíse ag teastáil ina leith. Le linn an chruinnithe sin, mhol an Coimisiún bealach malartach chun cinn a d'fhéadfaí a bhunú ar chur chuige íoschaighdeán agus ar bhosca uirlisí iarmhairtí. Agus é á chur san áireamh go gcaithfí obair níos teicniúla a dhéanamh maidir leis an gcur chuige dhá chéim, chuir an Uachtaránacht togra faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil i mí na Samhna bunaithe ar na moltaí a rinne an Coimisiún chun a sheiceáil an mbeadh sé sin inghlactha mar bhealach chun cinn malartach. Mar sin féin, níor thángthas ar chomhaontú maidir leis an togra nua seo a bheadh inghlactha do chách, mar sin beidh gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach.

c) *<u>Tograí le haghaidh Treoracha ón gComhairle maidir le BEFIT, maidir le Praghsáil Aistrithe agus maidir le córas Cánach Ceannoifige</u>*

20. An 12 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún trí thogra reachtacha thábhachtacha nua le haghaidh treoracha ón gComhairle i réimse an chánachais chorparáidigh:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT)[12], arb é is príomhchuspóir dó comhchreat cánach corparáide a fhorbairt do chuideachtaí ilnáisiúnta móra san Aontas. Agus BEFIT á mholadh, tharraing an Coimisiún siar na tograí maidir le Comhbhonn Cánach Corparáideach (Comhdhlúite) (CCTB/CCCTB), a bhí á gcur i láthair ag an gComhairle ó 2016 i leith agus a cuireadh ar feitheamh mar gheall ar an gcaibidlíocht dhomhanda i ndáil leis an athchóiriú dhá cholún (faoi chuimsiú chreat cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS);

[12] 12965/23 + ADD 1-3.

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe,[13] arb é is aidhm dó go bunúsach príomhphrionsabail agus rialacha praghsála aistrithe a chomhtháthú i ndlí an Aontais, ar prionsabail agus rialacha iad a chomhaontaítear faoi chuimsiú ECFE, agus lena gcruthaítear freisin an fhéidearthacht comhrialacha ceangailteacha a bhunú, laistigh den Aontas, maidir leis an gcaoi ar cheart prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta sonracha;

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide neamhspleácha[14], arb é is aidhm dó comhlíonadh cánach corparáide a shimpliú do mhicrifhiontair agus do chuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) a chinneann oibriú thar theorainneacha laistigh den Aontas. Molann an Coimisiún go bunúsach go bhféadfadh FBManna a bhfuil buanbhunaíocht acu i mBallstát eile ('óstach') ar a laghad leanúint de na rialacha cánach a bhfuil siad ar an eolas fúthu a chur i bhfeidhm dá ndeoin féin (sa Bhallstát 'baile'), agus go bhféadfaidís toradh inchánach a mbuanbhunaíochta i mBallstát ('óstach') eile a ríomh agus a thuairisciú d'údaráis chánach an Bhallstáit 'baile'. Chuirfeadh an Ballstát sin ráta cánach na mBallstát 'óstach' i bhfeidhm ansin ar an toradh inchánach agus bhaileodh sé an cháin ioncaim chorparáide atá dlite ag an mbuanbhunaíocht sula n-aistreofaí na hioncaim a thiocfaidh as sin chuig na Ballstáit óstacha faoi seach. D'fhéadfadh an córas sin costais chomhlíontachta a laghdú, leathnú trasteorann FBManna a spreagadh agus rannchuidiú le cothrom iomaíochta a áirithiú do rannpháirtíocht FBManna sa mhargadh inmheánach.

21. Tá na Ballstáit tar éis tús a chur leis an anailís agus leis an obair theicniúil ar na trí thogra sin ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach. Tionóladh trí chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach maidir leis an gceist seo.

[13] 12954/23 + ADD1.
[14] 12951/23 + ADD 1-5.

*d) <u>An Treoir maidir le híosleibhéal domhanda cánachais (Colún 2) agus an chaibidlíocht sa Chreat Cuimsitheach um BEPS i ndáil leis an athchóiriú dhá cholún</u>*

22. Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas ('Treoir Cholún 2')[15] a thrasuí faoin 31 Nollaig 2023.

23. I mí Iúil 2023, d'fhógair Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS tuilleadh dul chun cinn maidir leis na gnéithe atá fágtha den athchóiriú dhá cholún, mar a leagtar amach ina Ráiteas Deiridh maidir leis an Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digiteáil an Gheilleagair. Maidir le Colún 2, an 13 Iúil 2023, ghlac an Creat Cuimsitheach pacáiste doiciméad ina raibh comhaontú maidir leis na pointí sonraí i dTuairisceán Faisnéise GloBE agus treoir bhreise riaracháin, go háirithe dhá thearmann nua san áireamh. Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle (ECOFIN) ar an eolas (an 14 Iúil 2023) maidir leis na hábhair sin[16].

24. Go dtí seo, tá tuilleadh dul chun cinn déanta i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS, i gcomhréir leis an amlíne athbhreithnithe. Maidir le Colún 2, cuireadh an ionstraim iltaobhach maidir leis an riail faoi réir cánach (RFRC) ar fáil lena síniú an 2 Deireadh Fómhair 2023. Leis an ionstraim sin, mar aon le caibidlíocht dhéthaobhach, beidh tíortha in ann RFRC a chur chun feidhme go héifeachtúil sna conarthaí cánach déthaobhacha atá ann cheana. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin maidir leis na gnéithe atá fágtha den dá bhloc tógála (Méid A agus Méid B) de Cholún 1, agus maidir leis an gCoinbhinsiún Iltaobhach a chuirfidh Méid A chun feidhme go háirithe. Tá na toscaireachtaí á gcur ar an eolas go rialta sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) maidir le staid na himeartha sa chaibidlíocht sin.

25. I gcomhthéacs na hoibre leanúnaí agus na dteagmhálacha déthaobhacha maidir leis na hábhair sin, mhol an Uachtaránacht go ndéanfadh na Ballstáit plé ar an bhféidearthacht go n-athdhearbhódh an Chomhairle (Ecofin) a tacaíocht pholaitiúil don réiteach dhá cholún, ós rud é go bhfuiltear ag tosú ar na céimeanna deiridh den chaibidlíocht sin.

---

[15] IO L 328, 22.12.2022, lch. 1.

[16] Féach 11223/23.

26. Tar éis chruinniú na Comhairleoirí/Ataiséanna Fioscacha an 13 Deireadh Fómhair 2023 agus teagmhálacha déthaobhacha breise, chomh maith le cruinniú Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) an 31 Deireadh Fómhair, d'fhormheas an Chomhairle an ráiteas an 9 Samhain 2023, inar dhíol sásaimh di agus inar thacaigh sí, i measc pointí eile, leis an gcomhaontú ar thángthas air leis an gCreat Cuimsitheach maidir leis na soiléirithe a bhaineann le cur i bhfeidhm Cholún 2 atá sa treoir riaracháin a d'fhormhuinigh an Creat Cuimsitheach i mí na Nollag 2022, i mí Feabhra 2023 agus i mí Iúil 2023 – lena n-áirítear an riail idirthréimhseach maidir le híocaíochtaí faoi thearc-cháin agus Cuanta Sábháilte Cánach Íosta Intíre Cáilithe, an treoir nua maidir le Creidmheasanna Cánach Inaistrithe, chomh maith leis an gCalafort idirthréimhseach um Thuairisciú Sábháilte de réir Tíre agus Tuairisciú Faisnéise GLoBE. Chuir an Coimisiún ráiteas leis na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle, go háirithe maidir lena thuairim go bhfuil an treoir riaracháin a d'fhormhuinigh an Creat Cuimsitheach i mí na Nollag 2022, i mí Feabhra 2023 agus i mí Iúil 2023 comhoiriúnach le Treoir Cholún 2[17].

## 2) <u>Cánachas Indíreach</u>

### a) *<u>CBL sa Ré Dhigiteach</u>*

27. An 8 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún a phacáiste 'Rialacha CBL don ré dhigiteach', ina raibh trí thogra:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[18];
- togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach[19]; agus
- togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna CBL áirithe[20].

---

[17] Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas, (IO L 328, 22.12.2022, lch. 1).

[18] 15841/22.

[19] 15842/22.

28. Tá trí chuspóir ag an bpacáiste. Ar an gcéad dul síos, tugann sé faoi na hoibleagáidí tuairiscithe CBL a nuachóiriú trí cheanglais um thuairisciú digiteach a thabhairt isteach bunaithe ar ríomhshonrascadh. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe aige aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheilleagar na n-ardán trí na rialacha CBL is infheidhme a thabhairt cothrom le dáta. Agus ar an tríú dul síos, féachann sé le haghaidh a thabhairt ar an ualach riaracháin trí bhogadh i dtreo clárú aonair CBL.

29. Thíolaic an Coimisiún a phacáiste ag cruinniú den Mheitheal le linn Uachtaránacht na Seice, agus chuir Uachtaránacht na Sualainne tús lena chuid oibre ar an bpacáiste, lena n-áirítear téacsanna comhréitigh maidir le gach ceann de na trí ghné de na tograí, ar dhíol sásaimh do na toscaireachtaí iad mar bhonn láidir le haghaidh tuilleadh oibre.

30. Chun an obair bhreise ar an gcomhad seo a stiúradh, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle an 16 Meitheamh 2023 maidir leis na tograí, a d'ullmhaigh an Mheitheal Ardleibhéil an 1 Meitheamh 2023. Le linn na díospóireachta, ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na hairí treoirlínte na dtograí ón gCoimisiún agus an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht na Sualainne. D'iarr roinnt mhaith airí freisin go mbeadh solúbthacht ann maidir le creataí tuairiscithe dhigitigh intíre chomh maith le tuilleadh oibre a dhéanamh ar chineál beacht an róil fheabhsaithe atá ag ardáin i ndáil le CBL a bhailiú i réimse na cóiríochta gearrthéarmaí a fháil ar cíos agus seirbhísí iompair do phaisinéirí.

31. Cé gur lean Uachtaránacht na Spáinne leis an obair ar gach ceann de na trí chuid den phacáiste, is mó a bhí an dul chun cinn a rinneadh le geilleagar na n-ardán agus leis an gclárú aonair CBL le brath.

32. Maidir leis na codanna a bhaineann le clárú aonair CBL, dhírigh an Uachtaránacht ar na hábhair imní a bhí ag go leor toscaireachtaí trí dheireadh a chur leis na codanna den togra a bhaineann le síneadh a chur leis an bhforáil a mheastar a bheith ag soláthraithe agus le saothair ealaíne agus le hearraí athláimhe. Cuireadh siar an ghné nua a bhaineann le hionad ilfhreastail maidir le hallmhairiú éigeantach le plé i ndáil leis na gnéithe CBL den athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais, mar gheall freisin ar agóidí in aghaidh úsáid éigeantach IOSS ó roinnt Ballstát, chomh maith leis an togra ó roinnt acu chun réitigh mhalartacha a fhiosrú.

[20] 15843/22.

33. Ó thaobh na n-ardán de, shaothraigh an Uachtaránacht straitéis chun seasamh na dtoscaireachtaí a réiteach le hamhras i ndáil le riail an tsoláthróra mheasta nó ag lorg níos mó solúbthachta maidir le cóiríocht ghearrthéarmach a fháil ar cíos agus seirbhísí iompair do phaisinéirí agus iad siúd atá ag iarraidh an ilroinnt sa mhargadh inmheánach a íoslaghdú. Cé go dtacaíonn tromlach na mBallstát leis an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, ní raibh roinnt toscaireachtaí in ann tacú leis agus mhol roinnt toscaireachtaí go gcuirfí riail an tsoláthróra mheasta i bhfeidhm ar bhonn roghnach, agus mhol roinnt acu go gcuirfí oibleagáidí tuairiscithe in ionad riail an tsoláthróra mheasta.

34. Pléadh an comhad ag ocht gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach a tionóladh i mí Iúil, i mí Mheán Fómhair, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna agus ag dhá chruinniú den Mheitheal Ardleibhéil a tionóladh i mí Iúil agus i mí na Samhna. Mínítear tuilleadh dul chun cinn maidir leis an bpacáiste i dtuarascáil ar dhul chun cinn 15877/23.

*b)* *<u>Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh</u>*

35. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[21], ('togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

36. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[22], arb é is aidhm dó spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha, ar tograí iad uile a spreagann an sprioc chéanna; aistriú cóir, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin.

37. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

    a) creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is éard a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

    b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

[21] 10872/21.
[22] 10849/21.

c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

38. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[23]. An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Ecofin) faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus thug sí treoir pholaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn[24]. Tríd is tríd, thacaigh na hAirí le cur chuige na hUachtaránachta, a bhí níos solúbtha, agus d'iarr siad go dtiocfaí ar réitigh ar shaincheisteanna oscailte. Agus an treoir pholaitiúil á cur san áireamh, leanadh den anailís theicniúil le linn an chéad seimeastair de 2023 agus tíolacadh téacs comhréitigh athbhreithnithe iomlán.

39. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí roimhe seo, lean Uachtaránacht na Spáinne den obair ar an athbhreithniú ar ETD. Rinneadh anailís ar an gcomhad sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 6 Iúil, an 18 Meán Fómhair agus an 8 Samhain. Ina theannta sin, bhí seisiún tuairimíochta ag an Meitheal Ardleibhéil an 4 Deireadh Fómhair agus an 23 Samhain. Thíolaic an Uachtaránacht nótaí cúlra maidir le hábhair shonracha agus dréachtú malartach féideartha ar ailt áirithe. Rinneadh anailís ar na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach, ach díríodh ar na saincheisteanna seo a leanas: íosleibhéil chánachais, go háirithe rátaí cánach ag deireadh na hidirthréimhse (1 Eanáir, 2033) agus cóireáil speisialta ar ghás nádúrtha agus GPL; innéacsú íosleibhéal cánachais; glanluachanna calracha; sainmhíniú ar eitiltí gnó; cánachas adhmaid; idirghníomhaíocht idir ETD a bheidh ann amach anseo agus na rialacha maidir leis an státchabhair; agus táirgí measctha.

40. D'éirigh leis an Uachtaránacht teacht ar réitigh chomhréitigh fhéideartha do roinnt de na hábhair a pléadh. Mar sin féin, tá seasaimh éagsúla i measc na dtoscaireachtaí fós maidir le roinnt saincheisteanna ríthábhachtacha. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh oibre chun teacht ar chomhréiteach cothrom.

[23] 9874/22.
[24] 14736/22.

**3) An comhar riaracháin i réimse an chánachais**

*a) Treoir lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 8)*

41. Thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 8) an 8 Nollaig 2022[25].

42. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá i gceist leis an togra reachtach seo:

(a) raon feidhme an uathmhalartaithe faisnéise faoi DAC a leathnú chun go gcuimseofar faisnéis a bheidh ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a thuairisciú maidir le hidirbhearta (aistriú nó malartú) criptea-shócmhainní agus ríomh-airgid. Is é is aidhm don chomhar riaracháin a leathnú chun go gcuimseofar an réimse nua sin ná cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le digiteáil an gheilleagair. Léireoidh forálacha DAC 8 i ndáil le nósanna imeachta maidir le dícheall cuí, ceanglais tuairiscithe agus rialacha eile is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a bhíonn i mbun tuairisciú forálacha an Chreata Tuairiscithe Criptea-Shócmhainne (‘CARF’) agus tacar leasuithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe (‘CRS’) a d’ullmhaigh ECFE faoi shainordú G20[26]. Is é G20 a d’fhormhuinigh CARF agus na leasuithe ar CRS, ar croíchodanna breise iad, dar leis, de na caighdeáin dhomhanda maidir le malartú uathoibríoch faisnéise[27].

b) raon feidhme na rialacha reatha maidir le malartú faisnéise atá ábhartha ó thaobh cánach de a leathnú trí fhorálacha a chur san áireamh maidir le malartú réamhrialuithe trasteorann a bhaineann le daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu, chomh maith le forálacha maidir le malartú uathoibríoch faisnéise faoi dhíbhinní neamhchoinneála agus ioncaim chomhchosúla, chun na rioscaí a bhaineann le himghabháil cánach, seachaint cánach agus calaois chánach a laghdú, ós rud é nach gcumhdaítear an cineál sin ioncaim sna forálacha DAC atá ann faoi láthair;

---

[25] 15829/22 + ADD1 – ADD5.
[26] https://www.oecd.org/tax/exchange-of-tax-information/crypto-asset-reporting-framework-and-amendments-to-the-common-reporting-standard.pdf
[27] Dearbhú Cheannairí G20 Bali an 15-16 Samhain 2022, pointe 31. (https://www.g20.org/content/dam/gtwenty/gtwenty_new/about_g20/previous-summit-documents/2022-bali/G20%20Bali%20Leaders%27%20Declaration,%2015-16%20November%202022.pdf)

(c) roinnt forálacha eile de chuid DAC atá ann cheana a leasú. Go háirithe, sa togra féachtar le feabhas a chur ar na rialacha maidir leis an Uimhir Aitheantais Chánach (TIN) a thuairisciú agus a chur in iúl, chun gur féidir cúram na n-údarás cánach a éascú maidir leis na cáiníocóirí ábhartha a shainaithint agus measúnú ceart a dhéanamh ar na cánacha gaolmhara, agus chun gur féidir forálacha DAC a leasú a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le daoine nár chomhlíon an reachtaíocht náisiúnta maidir le ceanglais tuairiscithe arna nglacadh de bhun DAC.

43. Tar éis obair ullmhúcháin, mar a achoimríodh in 13210/23, agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa a tuairim a thabhairt uaithi, an 17 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle an Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais[28].

*b)* *<u>Malartú uathoibríoch faisnéise a bhaineann le cáin le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad</u>*

44. Le linn Uachtaránacht na Spáinne leanadh leis an bplé agus an obair theicniúil maidir le staid na himeartha, rioscaí agus deiseanna i réimse an mhalartaithe faisnéise cánach le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, inar cumhdaíodh go háirithe gnéithe a bhaineann leis an gcreat um chosaint sonraí pearsanta agus an bhaint atá aige sin leis an obair maidir le comhar idirnáisiúnta riaracháin.

45. Leanfar leis an obair sin agus cuirfidh sí leis an bplé a rinneadh ar na hábhair sin le linn na dtéarmaí uachtaránachta roimhe seo[29]. Is é is aidhm leis an obair sin feidhmiú leanúnach an chórais malartaithe idirnáisiúnta faisnéise le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad a áirithiú, rud atá riachtanach ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail.

[28] IO L, 2023/2226, 24.10.2023, lch. 1.
[29] féach 10710/23, pointí 31–32, 15506/22, pointí 46–48; 9970/21, pointí 81 - 82 ; 14651/21, pointí 50 - 59.

*c)* *Comhaontuithe idir an tAontas agus Andóra, Lichtinstéin, Monacó, San Mairíne agus an Eilvéis*

46. Chuir an Uachtaránacht tús le plé sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) maidir le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na comhaontuithe maidir le malartú uathoibríoch faisnéise faoi chuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíonadh cánach idirnáisiúnta atá tugtha i gcrích ag an Aontas le hAndóra, Lichtinstéin, Monacó, San Mairíne agus an Eilvéis (i bhfoirm Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis na comhaontuithe a rinneadh roimhe seo)[30].

47. Cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas faoin teagmháil neamhfhoirmiúil a bhí ag an gCoimisiún le lucht riaracháin na gcúig thír sin d'fhonn raon feidhme leasaithe féideartha ar na comhaontuithe sin a fhiosrú, arb é a bheadh ann go príomha an t-ailíniú is gá leis na hathruithe a rinneadh ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe ECFE agus coigeartuithe gaolmhara eile.

48. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil spéis léirithe ag údaráis Andóra, Lichtinstéin, Mhonacó, San Mairíne agus na hEilvéise na comhaontuithe leis an Aontas a thabhairt cothrom le dáta, agus go mbainfeadh Ballstáit an Aontais tairbhe as comhaontuithe nuashonraithe den sórt sin a bheith i bhfeidhm.

49. Mar chéad chéim, mheas an Uachtaránacht gurbh iomchuí a chur san áireamh ag an Meitheal Ardleibhéil ar mheas na toscaireachtaí gur chun a leasa féin (agus chun leasa an Aontais) na cúig chomhaontú a leasú, agus an raibh gá leanúint le teagmhálacha neamhfhoirmiúla a shaothrú chun raon feidhme féideartha na leasuithe a shonrú a thuilleadh. Má leanann na teagmhálacha neamhfhoirmiúla ar aghaidh, tuigtear go gcuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas go rialta, tríd an Meitheal um Cheisteanna Cánach, maidir leis an ábhar sin.

50. A luaithe a mheastar gur céim chinntitheach í an chéim neamhfhoirmiúil 'raon feidhme' a chuir seirbhísí an Choimisiúin i gcrích, bheadh gá ansin le tús a chur leis an bpróiseas foirmiúil as a n-eascróidh tús a chur leis an gcaibidlíocht (agus le comhairliúcháin fhoirmiúla) thar ceann an Aontais, de réir mar is iomchuí.

---

[30] IO L 268, 1.10.2016, lgh. 40–76; IO L 225, 19.8.2016, lgh. 3–40; IO L 339, 24.12.2015, lgh. 3-35; IO L 346, 31.12.2015, lgh. 3–41; IO L 339, 24.12.2015, lgh. 3–35.

51. I gcomhréir le ceanglais an Chonartha ar an Aontas Eorpach (Airteagal 16(1) agus (6) CAE go háirithe), is é saincheart na Comhairle ceapadh beartas a chur i gcrích, gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhionsaothrú agus a áirithiú go bhfuil an ghníomhaíocht sin comhsheasmhach. De bhun Airteagal 218(2) CFAE, is faoin gComhairle atá sé tús na caibidlíochta a údarú, treoracha caibidlíochta a ghlacadh, síniú comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha a údarú agus iad a thabhairt i gcrích.

52. De bhun Airteagal 218(3) go (4) CFAE, déanfaidh an Coimisiún moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle, agus glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar, ag brath ar ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann chaibidlíochta an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú (e.g. WPTQ) nach foláir an chaibidlíocht a sheoladh i gcomhairle leis. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór don Chomhairle a bheith in ann a seasamh ar an ábhar a chur in iúl agus, i gcás ina mbeidh forchoimeádais aici maidir leis na cainteanna, é sin a chur in iúl don Choimisiún.

53. In 2013, rinne an Coimisiún na Prótacail Leasaitheacha a chaibidil ar bhonn an Chinnidh ón gComhairle lenar údaraíodh don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis na Comhaontuithe sin, leis na treoracha caibidlíochta (sainordú), a ghlac an Chomhairle an 14 Bealtaine 2013 (agus bunaithe ar Airteagal 218 agus Airteagal 115 CFAE)[31].

54. Ag cruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 4 Deireadh Fómhair 2023, chomhaontaigh na toscaireachtaí uile gur chun leasa an Aontais é oibriú chun na comhaontuithe atá ann cheana leis na cúig thír a leasú, , agus gur féidir a mheas ag an gcéim seo gur chéim chinntitheach í an chéim neamhfhoiriúil 'raon feidhme' a chuir seirbhísí an Choimisiúin i gcrích leis na tíortha sin. Ba cheart na Ballstáit a choinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí breise, de réir mar is iomchuí.

55. D'aontaigh na toscaireachtaí freisin nach seolfar próiseas na gcomhairliúchán foirmiúil de bhun na gcomhaontuithe sin ach uair amháin (agus san aon chás) go nglacfaidh an Chomhairle Cinneadh de bhun Airteagal 218 CFAE lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis na cúig thír sin ar an ábhar sin.

[31] Leagtar amach an Cinneadh ón gComhairle agus na treoracha caibidlíochta in 9356/13 RESTREINT UE/EU RESTRICTED; féach freisin miontuairiscí na Comhairle in 9506/13.

*d)* *<u>Comhar riaracháin le tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad sa réimse CBL</u>*

- *An seasamh atá le glacadh sa Choiste Speisialaithe um Chomhar Riaracháin i CBL*

56. An 4 Meán Fómhair 2023, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhar Riaracháin i CBL agus gnóthú cánacha agus dleachtanna arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[32].

57. Cé gurb í an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe an comhlacht inniúil ullmhúcháin maidir le hábhair a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe laistigh den Chomhairle faoi láthair, chuathas i gcomhairle leis an Meitheal um Cheisteanna Cánach maidir leis an togra seo, agus ní dhearnadh aon agóid.

58. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh i dtrácht an 16 Deireadh Fómhair 2023 (IO L, 2023/2408, 31.10.2023).

- *Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil sa réimse CBL*

59. I mí Dheireadh Fómhair, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas faoin gcaibidlíocht le húdaráis na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil sa réimse CBL, agus chuaigh sé i gcomhairle leo maidir leis na dréachtleasuithe ar an gcomhaontú.

60. Ós rud é go bhféadfadh tromlach an-leathan de na toscaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis na dréachtleasuithe, chinn an Uachtaránacht gurb é an chéad chéim eile ná fanacht leis na tograí ón gCoimisiún maidir leis na comhaontuithe faoi Airteagal 218 CFAE a shíniú agus a thabhairt i gcrích.

61. An 24 Samhain 2023, d'eisigh an Coimisiún a thograí[33].

---

[32] 12523/23 + ADD 1.
[33] Doiciméad

- *Comhar riaracháin i dtaca le CBL le tíortha eile*

62. Ag an gcruinniú den Mheitheal Ardleibhéil an 4 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas faoi staid na himeartha maidir leis na teagmhálacha turgnamhacha le húdaráis na hAstráile, Cheanada, na Seapáine agus na Nua-Shéalainne, maidir le deiseanna chun tuilleadh oibre a dhéanamh i dtreo comhar riaracháin sa réimse CBL. Chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas faoin gcaibidlíocht le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, ag féachaint do Mheabhrán Comhthuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche (creat comhoibrithe riaracháin fhéideartha idir an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne i réimse CBL)[34]. Thug an Coimisiún le fios go bhfuil an chaibidlíocht sin ar feitheamh faoi láthair.

## C. <u>COMHORDÚ NA mBEARTAS CÁNACH (gníomhaíochtaí neamhreachtacha)</u>

63. Tugadh chun cinn obair thábhachtach i réimse chomhordú na mbeartas cánach (lasmuigh de raon feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse na cánach), mar a leagtar amach thíos. I bhfianaise na hoibre atá ar siúl faoi láthair agus na hoibre a dhéanfar amach anseo i réimse an chánachais ar an leibhéal idirnáisiúnta, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina bhféadfadh na Ballstáit a mheas an chun leasa an Aontais agus na mBallstát é rannchuidiú leis an obair sin agus seasaimh bheartais an Aontais agus na mBallstát a bhunú, a chomhordú agus ionadaíocht a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, ag an gcruinniú a bhí ag na hAtaiséanna Fioscacha an 13 Samhain 2023, cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas faoi na príomhrialacha is infheidhme agus na nósanna imeachta nach mór a leanúint agus seasamh ón gComhairle á bhunú agus seasaimh bheartais an Aontais agus na mBallstát á gcomhordú i réimse an chánachais ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ní mór an obair sin a bheith bunaithe go docht ar na hinniúlachtaí de réir fhorálacha na gConarthaí agus ní mór di prionsabal an chomhair dhílis agus aontacht ionadaíocht idirnáisiúnta an Aontais agus a Bhallstát a léiriú, i gcomhréir le forálacha na gConarthaí agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

---

[34] An 10 Márta 2021, d'fhormheas an Chomhairle, le roinnt barúlacha (CM 1978/21 LIMITE, le tuilleadh sonraí a leagtar amach in ST 6351/21 LIMITE) go rachadh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise Meamram Tuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche.

**1) An Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó)**

64. Tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 3 Iúil, an 3 Deireadh Fómhair agus an 22 Samhain 2023.

65. D'fhormheas an Chomhairle an t-athbhreithniú leathbhliantúil ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach an 17 Deireadh Fómhair 2023, agus foilsíodh é san Iris Oifigiúil ar an 23 Deireadh Fómhair 2023[35].

66. Is féidir teacht ar thuarascáil níos fairsinge sa tuarascáil tiomnaithe leathbhliantúil ón Meitheal um an gCód Iompair[36].

**2) Rún ó na Náisiúin Aontaithe maidir le comhar idirnáisiúnta cuimsitheach éifeachtach a chur chun cinn i gcúrsaí cánach ag na Náisiúin Aontaithe**

67. An 30 Nollaig 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, go foirmiúil, Rún maidir le comhar idirnáisiúnta cuimsitheach éifeachtach a chur chun cinn i gcúrsaí cánach (Rún 77/244). Leis an rún sin, d'iarr Comhaltaí na Náisiún Aontaithe ar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe tuarascáil a ullmhú (le plé ag an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023) chun anailís a dhéanamh ar na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha uile, ar dhoiciméid eile agus ar mholtaí eile lena dtugtar aghaidh ar chomhar idirnáisiúnta cánach, agus na socruithe idirnáisiúnta agus iltaobhacha atá ann cheana á gcur san áireamh go hiomlán. Chuige sin, sheol an tArd-Rúnaí comhairliúchán i mí Feabhra 2023.

68. An 8 Márta 2023, thacaigh na Comhairleoirí/Ataiséanna Fioscacha leis go gcuirfeadh an tAontas páipéar isteach. Tar éis an tacaíocht sin a fháil, scaip agus d'fhormheas an Mheitheal Ardleibhéil dréachtpháipéar trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta an 15 Márta 2023. Shínigh Cathaoirleach na Meithle Ardleibhéil an dréachtpháipéar ina dhiaidh sin agus chuir toscaireachtaí an Aontais agus na Sualainne go comhpháirteach faoi bhráid Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe é[37].

---

[35] IO C/2023/437, 23.10.2023.
[36] 15757/23.
[37] 7564/23.

69. Le linn an phlé a rinneadh ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Aibreán 2023, chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an gcomhordú atá á dhéanamh, mar is ábhartha, ar sheasaimh maidir le comhar idirnáisiúnta cánach a bheith á dhéanamh ag Ballstáit an Aontais agus a bheidh le cur faoi bhráid fóraim de chuid na Náisiún Aontaithe, ach dúbailt na hoibre a bheith á seachaint ag an am céanna. Tugadh sainordú don Mheitheal Ardleibhéil leanúint den fhormhaoirseacht ar a bhfuil ag tarlú.

70. Foilsíodh an tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhar idirnáisiúnta cánach atá cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn an 8 Lúnasa 2023[38]. Tá anailís sa tuarascáil ar na socruithe atá ann cheana maidir le comhar idirnáisiúnta cánach agus fiosraítear inti roghanna éagsúla chun comhar idirnáisiúnta cánach a fheabhsú.

71. An 15 Meán Fómhair 2023, ag an gcruinniú a bhí ag na hAtaiséanna Fioscacha, rinneadh dréacht a mheas le haghaidh seasamh thar ceann an Aontais agus a Bhallstát maidir le comhar cánach ag na Náisiúin Aontaithe ina léirítear conclúidí na tuarascála. Ghlac an Chomhairle an seasamh an 28 Meán Fómhair 2023[39].

72. Ag an Meitheal Ardleibhéil an 23 Samhain 2023, thug an Uachtaránacht agus an Coimisiún tuairisc ar an dul chun cinn sa chaibidlíocht ag an Dara Coiste den Chomhthionól Ginearálta ag an ochtú seisiún is seachtó dá chuid maidir le dréachtrún.

**3) <u>Fogha na Rúise faoin Úcráin</u>**

73. I bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin le rannpháirtíocht na Bealarúise, rinne Meitheal na Comhairle um Cheisteanna Cánach scrúdú ar roinnt beart a d'fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun tacú le bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme agus aon teacht timpeall orthu a chosc trí ionstraimí comhair chánach.

74. Ar an gcéad dul síos, d'aontaigh na Ballstáit go mba ghá deireadh a chur le gach malartú faisnéise chun críoch cánach le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis. Ar an dara dul síos, scrúdaigh na Ballstáit roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar úsáid an chomhair riaracháin laistigh den Aontas agus ionstraimí eile i réimse na cánach i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na mbeart sriantach.

---

[38] https://financing.desa.un.org/document/promotion-inclusive-and-effective-international-tax-cooperation-united-nations-a78235
[39] 12967/23

75. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach lena faireachán ar a bhfuil ag tarlú maidir leis na bearta sin, lena n-áirítear an obair a dhéanfar laistigh den ardán sealadach a chruthaigh an Coimisiún an 3 Meitheamh 2022, i bhfoirm foghrúpa den Tascfhórsa reo agus coigistithe maidir le forfheidhmiú cánach.

76. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 23 Samhain 2023, thug na toscaireachtaí dá n-aire an nuashonrú a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hobair an fhoghrúpa sin.

**4) <u>A bhfuil ag titim amach ar bhonn idirnáisiúnta</u>**

77. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an bheartais cánach, go háirithe i ndáil le cruinnithe Airí Airgeadais G20 agus le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS.

78. Cuireadh saincheisteanna a bhaineann leis an Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach de chuid na Stát Aontaithe (FATCA) faoi bhráid na dtoscaireachtaí go rialta ag cruinnithe den Mheitheal Ardleibhéil. A mhéid a bhaineann le saincheist na *accidental Americans* [Meiriceánaigh de thaisme], mar a thugtar orthu, d'eisigh Seirbhís Ioncaim Inmheánach na Stát Aontaithe fógra, ag deireadh 2022, lena maolaítear go sealadach, na rialacha maidir le cinneadh a dhéanamh go bhfuil duine neamhchomhlíontach de dheasca TINanna a bheith ar iarraidh do na blianta 2022, 2023 agus 2024. I mí Eanáir 2023, cuireadh an maolú sin faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil. I mí Aibreáin 2023, chuir comhaltaí na Meithle Ardleibhéil i bhfios go láidir go bhfuil gá le réiteach buan agus níos leithne chun cosc a chur ar bheith ag déileáil le hinstitiúidí airgeadais san Aontas mar institiúidí neamhchomhlíontacha mar gheall ar TINanna a bheith ar iarraidh i gcásanna nach féidir leis na hInstitiúidí Airgeadais sin TINanna a bhailiú. I mí Iúil 2023, rinne na toscaireachtaí sa Mheitheal Ardleibhéil moladh litir a sheoladh chuig na Stáit Aontaithe, inar áitíodh ar na Stáit Aontaithe réiteach níos buaine a chur ar fáil a mbeadh raon feidhme níos leithne aige a luaithe is féidir. Mar thoradh air sin, i mí Mheán Fómhair 2023, sheol Uachtaránacht na Spáinne litir chuig na Stáit Aontaithe thar ceann na Meithle Ardleibhéil. I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí maidir le FATCA. I mí na Samhna, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoin gcruinniú a bhí ar siúl idir Uachtaránacht na Spáinne agus Státchiste na Stát Aontaithe an 13 Samhain.

## 5) Cáin i réimsí neamhchánach (TINTA)

79. An 19 Samhain 2013, chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéil gur cheart forálacha cánach i gcomhaid neamhchánach as a dtagann aon athruithe ar dhlíthe cánach nó ar chleachtais riaracháin na mBallstát nó a mbeadh iarmhairtí eile acu ar chánachas teacht faoi 'sásra foláirimh neamhfhoirmiúil'. Tá an cur chuige córasach a bhaineann leis na cásanna sin a chur faoi bhráid na saineolaithe cánach, le tacaíocht ón Ardrúnaíocht, fós á áirithiú go dtugtar foláireamh do na Ballstáit go tráthúil, lena n-áirítear maidir le hidirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha. Ar na saincheisteanna a ndearna an Mheitheal Ardleibhéil faireachán orthu, áirítear an Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí an gheilleagair shóisialta a fhorbairt, an seasamh ón Aontas a bheidh le glacadh ag an 10ú cruinniú den Chreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac agus leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

## 6) Dréacht-Choinbhinsiún Iltaobhach maidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta um Réiteach Díospóidí Cánach

80. An 10 Márta 2023 chuir grúpa tionscadail Fiscalis dréacht-Choinbhinsiún Iltaobhach maidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta um Réiteach Díospóidí Cánach i láthair, agus úsáid á baint as an bhféidearthacht go mbeadh Coimisiún um Réiteach Malartach Díospóidí ann de chineál buan a éascaítear in Airteagal 10 de Threoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach. An 23 Samhain 2023, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoi staid na himeartha i ndáil leis an tsaincheist sin.